

# LEATHANACH 286

Dé Luain 25 Feabhra 2018


## *Ireland's Got Talent: Rinne Jason botún!*

Ar an gclár *Ireland's Got Talent* ag an deireadh seachtaine bhí fear ag canadh. Ba as Dún na nGall é agus Martin McGuinness an t-ainm a bhí air. Níor thaitin sé le Louis, Michelle, ná Denise, agus bhrúigh siad uile an cnaipe dearg.

Bhí Jason ag iarraidh éisteacht leis an gcuid eile den amhrán, cé nach raibh Martin ag canadh go maith.

Rinne Denise iarracht an cnaipe dearg a bhrú ar Jason ach níor lig sé di. Nuair a bhí sé ag iarraidh í a stopadh bhrúigh sé an cnaipe órga lena chos, ach botún a bhí ann!

Anois beidh Martin McGuinness sa bhabhta leathcheannais!



## Tá an t-earrach san aer sa zú

Rugadh dhá ainmhí i Zú Bhaile Átha Cliath le déanaí. I lár na míosa rugadh sioráf ann. Agus an tseachtain seo caite rugadh eilifint fireann ann.

Cheana féin tá an sioráf nua 6 troithe ar airde, is é sin, 1.8 méadar. Agus nuair a bheidh sé níos sine, beidh sé 6 mhéadar ar airde!

Níl ach 660 sioráf den chineál seo beo san fhiántas.


Meas tú cén t-ainm a thabharfaidh lucht an zú air?

## Scannán Nua faoi Ed

Sa Ghearmáin chonaic daoine scannán nua faoi Ed Sheeran ag deireadh na seachtaine. Bhí sé le feiceáil den chéad uair ar an scáileán mór ag Féile Scannán Bheirlín. Rinne Murray Cummings an scannán; is é col ceathrair Ed Murray.

Is scannán faisnéise é faoi shaol an amhránaí. Tá sé faoi na rudaí iontacha a tharla d'Ed idir na blianta 2015 agus 2017.

Tá foireann E-Leathanach ag súil go mór leis an scannán.



## Bua ag Éirinn arís is arís i gCraobh na Sé Náisiún

Bhí an bua ag foireann na hÉireann arís Dé Sathairn leis an scór Éire 37, An Bhreatain Bheag 27. Níor chaill foireann na bhfear cluiche anois ó Mhárta 2017 nuair a bhí an bua ag an mBreatain Bheag orthu.

Ag an deireadh seachtaine bhuaigh foireann na mban an cluiche i gcoinne na Breataine Bige freisin leis an scór Éire 35 An Bhreatain Bheag 12. Go luath sa dara leath ní raibh ach dhá phointe idir na foirne ach ansin d'éirigh le foireann na hÉireann úd eile a fháil agus ansin lean siad leo ag scóráil!